



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2017**

AN COIMISIÚN

Tá an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí comhdhéanta de 5 chomhalta, an tUachtarán agus 4 Coimisinéir eile. ¹ I 2017, ba iad seo a leanas comhaltaí an Choimisiúin:

An Breitheamh Onórach John Quirke
Uachtarán

Raymond Byrne Abhcóide
Coimisinéir

An tOllamh Donncha O'Connell , Scoil an Dlí, OÉ Gaillimh
Coimisinéir

Tom O'Malley Abhcóide, Léachtóir Sinsearach, Scoil an Dlí, OÉ Gaillimh
Coimisinéir

An Breitheamh Onórach Carmel Stewart
Coimisinéir

FOIREANN TAIGHDE AN CHOIMISIÚIN

Stiúrthóir Taighde:
An tOllamh Ciarán Burke

Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht:
Alma Clissmann

Bainisteoir Cúnta um Rochtain ar Reachtaíocht
Kate Doran

Bainisteoir Tionscadail d'Ionstraimí Reachtúla um Rochtain ar Reachtaíocht
Fiona Carroll

TAIGHDEOIRÍ DLÍ ²

Emma Barry, Hanna Byrne, Ciara Dowd, Hugh Dromey, Niall Fahy, Owen Garvey, Sarah Keating, Finn Keyes, Meghan McSweeney, Jack Nea, Robert Noonan, Claire O'Connell agus Rebecca O'Sullivan.

¹ Maidir le na téarmaí ceapacháin den 5 chomhaltaí den Choimisiún, féach ar Chaibidil 4 thíos.

² Ní raibh gach taighdeoir dlí fostaithe don bhliain féilire iomlán.

FOIREANN RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN ³

**Ceann na Seirbhísí Corparáideacha
agus Riaracháin:** Deirdre Fleming

Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise Órla Gillen

Oifigigh Fheidhmiúcháin: Pearl Martin
John Harding
Brendan Meskell
David Field

Oifigeach Cléireachais: Brid Rogers

³ Ní raibh gach ball foirne riaracháin fostaithe don bhliain féilire iomlán.

CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ	5
CAIBIDIL 1	
RÉAMHRÁ	
Forbhreathnú ar obair an Choimisiúin le linn 2017	7
Feidhmeanna an Choimisiúin	8
Ráiteas Straitéise 2015-2017	8
Modhanna Oibre agus Próiseas Comhairliúcháin	9
CAIBIDIL 2	
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ: CUR I BHFEIDHM DEN CHEATHRÚ CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ, CUR I GCRÍCH DEN TRÍÚ CLÁR AGUS REACHTAÍOCHT A BHAINNEAN LE TOGRAÍ AN CHOIMISIÚIN	
Forbhreathnú	11
Athbhreithniú mionsonraithe ar obair agus cur i bhfeidhm an Choimisiúin	12
Na Cúirteanna, Díl Poiblí agus Forfheidhmiú Rialála	13
An Díl Coiriúil agus an Nós Imeachta Coiriúil	15
An Díl Sibhialta agus Tráchtála	17
Díl na Fianaise	17
Díl na Talún, Comharbas agus Iontaobhais	19
Díl Teaghlaigh	20
CAIBIDIL 3	
ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT	
Réamhrá	21
Eolaire Reachtaíochta	21
Achtanna Athbhreithnithe	22
Liosta Rangaithe Reachtaíochta	22
CAIBIDIL 4	
RIARACHÁN	
Réamhrá	24
An Coimisiún	24
An Coiste Bainistíochta	24
Foireann Riarachán	25
Foireann Taighde agus Leabharlainne	25
Airgeadas	26
Socruithe Rialachais	26
An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú	27
Éifeachtúlacht Fuinnimh	29
Acht um Shaoráil Faisnéise 2014	29
An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014	29
Aguisín 1	
Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí in 2017	30
Aguisín 2	
Rogha Imeachtaí an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí in 2017	31

RÉAMHRÁ

Thar ceann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, tá áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2017 a chur i láthair.

Le linn 2017, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach i dtreo ár gCeathrú Clár um Athchóiriú an Dlí a chur i gcrích. Thosaíomar chomh maith le sraith chruinnithe comhairliúcháin ar fud na tíre ag lorg tuairimí ar na tionscadail a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa Cúigiú Chlár um Athchóiriú an Dlí, atá beartaithe againn a chur faoi bhráid an Rialtais i 2018.

Le linn na bliana, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil mhionsonraithe ar Alt 117 den Acht Comharbais 1965: Gnéithe de Sholáthar do Leanaí*. Le hAlt 117 foráiltear gur féidir iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun téarmaí uachta a athrú nuair a theipeann ar thuismitheoir ina "d(h)ualgas morálta" chun "soláthar cúí" a dhéanamh do leanbh san uacht. Mhol an Coimisiún, cé gur cheart go leanfadh le halt 117 d'Acht 1965 a bheith bunaithe ar an tástáil maidir le "soláthar cúí" a dhéanamh, ní raibh sé cabhrach tagairt do "dhualgas morálta" a choinneáil laistigh dá fhorálacha. Mhol an Coimisiún freisin go mbainfeadh alt 117 leas as athchóirithe ar a raon feidhme trí dhíriú níos dlúithe a dhéanamh ar an ngá atá ann le cinntiú go ndéanfaí foráil chuí do leanaí a bhunadh forais shonracha, amhail cruatan eacnamaíoch nó ar thug rannchuidiú suntasach le cúram an tuismitheoir i rith saol an tuismitheora. Mhol an Coimisiún freisin gur cheart go mbeadh an próiseas d'alt 117 ar fáil nuair a fhaigheann an tuismitheoir bás díthiomnach, is é sin, gan uacht a dhéanamh.

D'fhoilsíomar 2 Pháipéar Saincheisteanna mionsonraithe freisin i 2017 maidir le tionscadail sa Cheathrú Clár, maidir le Pianbhreitheanna ar Fionraí agus le Fáil Éigeantach Talún. Táimid ag tnúth le linn 2018 dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar na tionscadail seo, chomh maith leis na tionscadail eile atá againn, le linn 2018, agus tá na mionsonraí díobh seo leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Leanann obair an Choimisiúin maidir le Rochtain ar Reachtaíocht ag fás agus maidir le seirbhísí thar a bheith riachtanacha a sholáthar don phobal dlí agus don phobal ginearálta, go háirithe trí rochtain a thabhairt ar níos mó ná 330 Acht Athbhreithnithe, a bhfuil ina gcomhdhlúthú riaracháin de na hAchtanna ina bhfoirm leasaithe.

I rith 2017, chur an Coimisiún gníomhaíocht riaracháin ollmhór i gcrích, ag aistriú ár n-oifigí ó Theach IPC (áit ina rabhamar ar feadh beagnach 20 bliain) go dtí Teach Styne. Tionscadal dúshlánach agus casta a bhí ann dár bhfoireann riaracháin bheag, faoi cheannas Deirdre Fleming, agus don fhoireann taighde a chabhraigh go mór leis an aistriú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo ó chroí ar son an Choimisiúin as an tiomantas ollmhór a bhí i gceist chun an t-aistriú seo a bhaint amach chomh réidh sin. Ina theannta sin, ba chóir dom aird a thabhairt nach raibh aon leithdháileadh airgeadais bhreise ag teastáil ón gCoimisiún maidir leis na costais a bhain leis an aistriú (lena n-áirítear costais feistithe).

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-Choimisinéirí as a dtiomantas, a gcuid oibre agus as a tacaíocht i rith 2017. Mar Choimisinéirí, táimid fíorbhuíoch do go leor daoine a chuireann feabhas ar agus a chabhraíonn leis an gCoimisiún chun a fheidhm a chomhlíonadh agus táimid buíoch as an gcomhairle agus an cúnamh deonach a fhaigheann muid ó na daoine aonair agus na grúpaí éagsúla a ndeachaigh an Coimisiún i gcomhairle leo nó a ndearna teagmháil dhíreach linn gan choinne.

Tá an Coimisiún buíoch freisin do ranna agus oifigí an Rialtais, an tArd-Aighne agus Oifig an Aturnae, agus do ghníomhaireachtaí eile Rialtais agus neamhrialtasacha eile as an gcomhar agus an gcúirtéis a thugann siad.

**An Breitheamh Onórach John Quirke,
Uachtarán an Choimisiúin**

CAIBIDIL 1

RÉAMHRÁ

FORBHREATHNÚ AR OBAIR AN COIMISIÚN I 2017

Faoi 2017, bhí tús curtha ag an gCoimisiún leis an obair ar gach ceann de na tionscadail sa 4^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí nó bhí an obair sin curtha i gcrích. As an 11 tionscadal sa 4^ú Chlár, bhain forbairtí na cosa as 2 tionscadal ó cuireadh an Clár i gcrích i 2013.⁴ Thosaigh an Coimisiún freisin ar obair ullmhúcháin maidir lenár 5^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí a fhorbairt, lena n-áirítear sraith chruinnithe comhairliúcháin ar fud na tíre ag lorg tuairimí ar na tionscadail a d'fhéadfaí a chur san Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an dréacht-Chlár a chur faoi bhráid an Rialtais i 2018. áireamh sa Chlár. Le linn 2017, d'fhorbair an Coimisiún dréacht-Pháipéir freisin maidir le 2 iarratas ón Ard-Aighne.

Ba iad seo a leanas na príomhfhorbairtí i 2017.

1. Foilseacháin um athchóiriú an dlí

I 2017 d'fhoilsigh an Coimisiún an Tuarascáil agus na Páipéir Saincheisteanna seo a leanas:

- *Tuairisc ar Alt 117 (55M) den Acht Comharbais, 1965: Gnéithe den Soláthar do Leanaí* (LRC 118-2017). Le hAlt 117 foráiltear gur féidir iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun téarmaí uachta a athrú nuair a theipeann ar thuismitheoir ina "d(h)ualgas morálta" chun "soláthar cuí" a dhéanamh do leanbh san uacht. Moladh sa Tuarascáil cé gur cheart go leanfadh le halt 117 d'Acht 1965 a bheith bunaithe ar an tástáil maidir le "soláthar cuí" a dhéanamh, ach gur cheart an tagairt do "dhualgas morálta" a aisghairm. Moladh sa Tuarascáil freisin gur cheart alt 117 a athchóiriú chun béim a leagan ar an ngá chun a chinntiú go ndéanfaí foráil chuí do leanaí a bhunadh forais shonracha, amhail cruatan eacnamaíoch nó ar thug rannchuidiú suntasach le cúram an tuismitheoir i rith saol an tuismitheora. Moladh sa Tuarascáil freisin gur chóir go mbeadh foráil ann freisin faoi phróiseas alt 117 a bheith ar fáil nuair a fhaigheann an tuismitheoir bás díthiomnach. Tá dréacht-Bhille sa tuarascáil atá beartaithe chun éifeacht a thabhairt do na moltaí seo.
- *Páipéar Saincheisteanna maidir le Pianbhreitheanna ar Fionraí* (LRC IP 12-2017), ina bpléitear na prionsabail agus na rialacha nós imeachta a bhaineann leis an bhforchur de phianbhreitheanna ar fionraí. Cé gur tugadh bonn reachtúil do roinnt gnéithe den phróiseas in alt 99 den *Acht um Cheartas Coiriúil 2006*, faightear go príomha na prionsabail threoracha atá i gceist i gcás dlí. Sa Pháipéar iarrtar ar thuairimí a fháil maidir leis na leasuithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil sa réimse tábhachtach seo maidir le dlí pianbhreithe.
- *Páipéar Saincheisteanna maidir le Fáil Éigeantach Talún* (LRC IP 13-2017), ina bpléitear an próiseas iomlán maidir le talamh a fháil go héigeantach. Sa Pháipéar, tugtar faoi deara go raibh an chuid is mó den reachtaíocht bhunúsach sa réimse seo ann sular bunaíodh an Stát, agus go bhfuil breis agus 70 scéim reachtúil ar leith ann, agus tá an ceann is coitianta a úsáidtear bunaithe ar Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCP) a úsáid. Sa Pháipéar iarrtar ar thuairimí a fháil maidir leis an gcaoi a bhféadtar an próiseas a athchóiriú, go háirithe maidir le cearta agus leasanna bunreachtúla ábhartha a chur san áireamh, agus an bhfuil gá ann don dlí atá ann faoi láthair a chomhdhlúthú in Acht amháin.

2. Rochtain ar reachtaíocht

I measc obair an Choimisiúin maidir le rochtain ar reachtaíocht i rith 2017 bhí an méid seo a leanas:

⁴ Féach ar Chaibidil 2, fonóta 6, thíos.

- Nuashonruithe ar an Eolaire Reachtaíochta, an t-innéacs ar líne d'athruithe reachtúla ar Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla, a nuashonraítear anois ar bhonn seachtainiúil beagnach.
- Nuashonruithe ar os cionn 300 Acht Leasaithe, arb Achtanna iad arna leasú, ina léirítear athruithe a rinneadh ó achtaíodh iad, a nuashonraíodh iad laistigh de dhá mhí.
- Athrú ar an modh chun an Liosta Rangaithe Reachtaíochta a thabhairt cothrom le dáta, ina bhfuil os cionn 2,000 Acht atá i bhfeidhm atá eagraithe faoi 36 teideal ábhair, agus dréacht den Liosta Rangaithe d'Ionstraimí Reachtúla, a eagraítear ar an mbealach céanna, chun é a chomhtháthú leis an Eolaire Reachtaíochta. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún leagan nua den Liosta Rangaithe a ullmhaíodh ar an mbealach seo a fhoilsiú le linn 2018.

3. Athlonnú oifig an Choimisiúin

- I 2017, d'aistrigh an Coimisiún oifigí freisin ó Theach IPC, Bóthar Shelbourne (áit ina raibh an Coimisiún lonnaithe le beagnach 20 bliain) go Teach Styne, Sráid Hatch. Rinne an Ceann Riaracháin agus a fhoireann riaracháin maoirseacht ar an athlonnú. Ní raibh aon leithdháileadh airgeadais bhreise ag teastáil ón gCoimisiún maidir leis na costais a bhain leis an aistriú (lena n-áirítear costais feistithe).

FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

Comhlacht reachtúil is ea an Coimisiún a bunaíodh faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975* lena gceanglaítear ar an gCoimisiún chun an dlí a choimeád faoi athbhreithniú agus chun tabhairt faoi thaighde ag féachaint leis an dlí a athchóiriú. Is é an sainmhíniú a thugtar ar athchóiriú an dlí ná:

- forbairt dlí
- A chódú (a shimpliú agus a nuachóiriú ina measc)
- athchóiriú agus comhdhlúthú an dlí reachtúil

Ó bunaíodh é, d'fhoilsigh an Coimisiún breis agus 200 cáipéis (Páipéir Shaincheisteanna, Páipéir Chomhairliúcháin, Páipéir Oibre agus Tuarascálacha) ina gcuimsítear tograí le haghaidh athchóiriú an dlí. Tá liosta iomlán d'fhoilseacháin an Choimisiúin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.lawreform.ie ar a bhfuil gach foilseachán ar fáil le híoslódáil saor in aisce.

Cláir um Athchóiriú an Dlí agus Iarratais ón Ard-Aighne

Tagann obair an Choimisiúin maidir le hathchóiriú an dlí as 2 fhoinsé:

- Cláir um Athchóiriú an Dlí a d'ullmhaigh an Coimisiún agus ar gcomhaontaigh an Rialtas leo agus a cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
- Iarratais ón Ard-Aighne i dtaca le ceisteanna ar leith

Ó bunaíodh é i 1975, d'oibrigh an Coimisiún faoi 4 Chlár um Athchóiriú an Dlí. D'fhaomh an Rialtas an 4ú Chlár um Athchóiriú an Dlí de chuid an Choimisiúin an 8 Deireadh Fómhair 2013. I gCaibidil 2, pléitear go mionsonraithe forbairtí i rith 2016 a bhaineann le hobair um athchóiriú dlí an Choimisiúin.

Rochtain ar Reachtaíocht

Ó 2006 i leith, i gceist in obair an Choimisiúin bhí reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana don phobal. Pléitear forbairtí le linn 2017 san obair ar Rochtain ar Reachtaíocht i gCaibidil 3.

I *Ráiteas Straitéise an Choimisiúin 2015-2017*, atá ar fáil ag www.lawreform.ie, soláthraítear an creat d'obair an Choimisiúin sa tréimhse trí bliana a chumhdaítear. Léirítear sa *Ráiteas Straitéise* tuairimí an Choimisiúin ar an méid is gá a dhéanamh chun rannchuidiú le hathchóiriú an dlí a uasmhéadú agus lena chinntiú go n-oibríonn an eagraíocht de réir na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta is fearr agus go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil. Is é *Ráiteas Misin an Choimisiúin*: “an dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolaí, chun moltaí iarmhartacha a dhéanamh d’athchóiriú an dlí agus chun an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách.” Cosúil leis na hiar-ráiteas, leagtar amach sa *Ráiteas Straitéise príomhthosaíochtaí an Choimisiúin don tréimhse 2015-2017*, lena n-áirítear freagrachtaí agus cuntasacht shoiléir chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach.

Príomhchuspóirí sa *Ráiteas Straitéise*

Sa *Ráiteas Straitéise 2015-2017* aithnítear 3 Phríomhchuspóir. Is iad seo:

Príomhchuspóir 1: Athchóiriú Dlí

Athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí agus tabhairt faoi thaighde ag féachaint chun dlí na hÉireann a shimpliú, a nuachóiriú agus a chódú.

Príomhchuspóir 2: Rochtain ar Reachtaíocht

Rochtain éasca ar reachtaíocht, ina staid reatha, a chur ar fáil ar líne don phobal, arna leasú, seachas arna achtú, agus chun faisnéis ghaolmhar a sholáthar.

Príomhchuspóir 3: Riarachán

Seirbhísí corparáideacha éifeachtacha, nua-aimseartha agus gairmiúla riaracháin agus gnó a chur ar fáil don Choimisiún d’fhonn tacú leis chun a chuspóirí a bhaint amach.

Leantar sa Tuarascáil Bhliantúil seo sraith na bPríomhchuspóirí seo. I rith 2017, thosaigh an Coimisiún ag ullmhú a *Ráiteas Straitéise 2018-2020* i gcomhar é a faomhadh go luath i 2018.

MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Tá obair an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach agus críochnúil. Tuigeann an Coimisiún go hiomlán an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn a thograí le haghaidh athchóiriú bunaithe ar chleachtas. Agus a ullmhaítear tograí, réachtáiltear comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, cleachtóirí dlí, gairmithe ábhartha, comhlachtaí ionadaíochta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile, polaiteoirí agus comhaltaí an Rialtais agus Ranna agus Oifigí Rialtais, agus baill an phobail ar mian leo teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún. Cuirtear tuairimí agus eispéiris na dteagmhálacha seo i gcuntas i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

Modheolaíocht

Chun na spriocanna a bhaint amach a leagtar amach ina Chláir um Athchóiriú an Dlí agus in iarratais ón Ard-Aighne, sanntar gach tionscadal do thaighdeoirí a oibríonn faoi threoir ghinearálta an Stiúrthóra Taighde. I gcás na hoibre maidir le Rochtain ar Reachtaíocht, oibríonn taighdeoirí faoi stiúir an Bhainisteora agus an Bhainisteora Chúnta um Rochtain ar Reachtaíocht.

Tugann an Coimisiún faoina chuid oibre a dhéanamh agus a athbhreithniú de réir a Phlean Gnó bliantúil.

An próiseas comhairliúcháin, lena n-áirítear cruinnithe comhchéime, ceardlanna agus comhdhálacha

Tá comhairliúchán thar a bheith tábhachtach d'obair an Choimisiúin. D'fhéadfadh roinnt foirmeacha a bheith i gceist leis seo, mar shampla, cruinnithe le saineolaithe nó cleachtóirí a oibríonn i réimse ar leith, nó ionadaithe de ghrúpaí leasa. Chomh maith leis sin, déanann an Coimisiún cáipéisí comhairliúcháin a ullmhú agus a fhoilsiú (ag tráthanna éagsúla ó 1975 ar aghaidh, dá dtagraítear mar Pháipéir Oibre, Páipéir Chomhairliúcháin agus Páipéir Shaincheisteanna). Soláthraíonn iad seo próiseas struchtúrach trína lorgaítear aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara. Cuirtear na haighneachtaí i gcuntas nuair a dhéantar an Tuarascáil deiridh a dhréachtú ar an ábhar, agus déileáiltear le haon saincheisteanna nó bhuarthaí a thugann siad chun solais sa Tuarascáil. Sula ndréachtaítear an Tuarascáil, is gnách go gcuirtear seimineár ar siúl a dtugann an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara chuige, lena n-áirítear na páirtithe a rinne aighneachtaí.

I 2017, reáchtáil an Coimisiún 2 phlé comhchéime i mí an Mhárta agus i mí na Bealtaine le páirtithe leasmhara ar thionscadal an Choimisiúin maidir le díspeagadh cúirte, rud a chabhraigh go mór leis an gCoimisiún chun a chuid moltaí maidir le hathchóiriú a fhorbairt ina Thuarascáil ar Dhíspeagadh Cúirte a bhfuil sé ar intinn aige a fhoilsiú in 2018.

Le linn na bliana, chuir an Coimisiún tús chomh maith le sraith cruinnithe comhairliúcháin ar fud na tíre ag lorg tuairimí ar na tionscadail a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa 5ú Chlár um Athchóiriú an Dlí, a chuirfear faoi bhráid an Rialtais i 2018. Reáchtáladh an chéad chruinniú in Ollscoil Luimnigh ar 11 Deireadh Fómhair, an dara an 1 Samhain i gCaisleán Bhaile Átha Cliath - Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin - agus an tríú in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an 22 Samhain. Reáchtáladh an ceathrú chruinniú comhairliúcháin i Dún Dealgan an 10 Eanáir 2018, agus reáchtáladh an cúigiú chruinniú deireanach i gColáiste na hOllscoile Corcaigh an 31 Eanáir 2018. I gComhdháil Bhliantúil an Choimisiúin, bhí cur i láthair leis an bPríomh-Bhreitheamh, an Breitheamh Frank Clarke, an tUasal Dearbhail McDonald, Eagarthóir Gnó an Ghrúpa, Independent News and Media, agus an Seanadóir Michael McDowell SC, an tIar-Ard-Aighne agus an iar-Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Cuireann an Coimisiún dréachtbhille san áireamh i ngach tuarascáil, ina ndéanann sé moltaí d'athrú reachtaíochta i gcomhréir lena shainchúram reachtúil faoi Acht 1975 chun dréacht-reachtaíocht a chur san áireamh nuair a bheartaíonn sé chun an dlí a athchóiriú.

Téann an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara i dtaca leis an obair maidir le Rochtain ar Reachtaíocht, lena n-áirítear Oifig an Ard-Aighne, ranna rialtais, an lucht dlí agus an pobal i gcoitinne. Glacann an Coimisiún páirt ghníomhach in obair an Ghrúpa Ríomh-Reachtaíochta faoi choimirce Roinn an Taoisigh agus i bhforbairt leanúnach Leabhar Reachtanna leictreonach na hÉireann (eISB).

D'fhonn inrochtaineacht a éascú, tá fáil ar gach foilseachán de chuid an Choimisiúin, comhairliúcháin ina measc, ar líne ar suíomh gréasáin an Choimisiúin nó ar suíomh gréasáin an eISB.

Cumarsáid le ranna rialtais

Déanann an Coimisiún cumarsáid le ranna rialtais faoi thionscadail atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, araon. Tionólaíonn an Coimisiún faoi dhó sa bhliain leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar cheisteanna comhspéise sa dlí coiriúil agus sibhialta araon.

Coiste Comhairliúcháin an Ard-Aighne

Cabhraíonn Coiste Comhairliúcháin an Ard-Aighne le Clár um Athchóiriú an Dlí an Choimisiúin a fhorbairt agus atá comhdhéanta d'ionadaithe de ranna rialtais áirithe, Comhairle Bharra na hÉireann, Dlí-Chumann na hÉireann agus Oifig an Ard-Aighne.

Cruinnithe le Coistí an Oireachtais

Reáchtálann an Coimisiún cruinnithe tréimhsiúla le Comhchoiste Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Oireachtais chun plé a dhéanamh ar obair an Choimisiúin. Casann an Coimisiún le Coistí eile an Oireachtais ó ham go chéile. An 18 Deireadh Fómhair 2017, bhuaill an Coimisiún leis an gComhchoiste Oireachtais um Leanaí agus Gnóthaí Óige, mar chuid de phlé an Choiste maidir le cumarsáid ar líne, agus chuir sé forbheathnú ar fáil ar *Thuarascáil an Choimisiúin um Chumarsáid Díobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* (LRC 116-2016).

Comhdhálacha, cuairteanna agus teagmhálacha sna meáin

Freastalaíonn na Coimisinéirí agus an fhoireann taighde go rialta ar agus bíonn siad páirteach i seimineáir agus i gcomhdhálacha poiblí.

Coimeádtar teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe dlí i ndlínsí eile trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí chuariteoirí ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile a óstáil. I mí an Mheithimh 2017, d'fhreastail Uachtarán an Choimisiúin agus an Stiúrthóir Taighde ar chruinniú bliantúil de choimisiúin dlí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, a tionóladh i nDún Éideann.

An 23 Márta 2017, d'óstáil an Coimisiún cuairt ar Oifig Ghnóthaí Reachtacha na Comhairle Stáit (SCLAO) de Daon-Phoblacht na Síne. An 9 Samhain 2017, d'óstáil an Coimisiún cuairt ar Chumann Dlí na Síne (a thug cuairt ar an gCoimisiún roimhe seo le linn 2011).

Go ginearálta, gníomhaíonn Coimisinéirí le ról chomhordaithe i dtionscadail shonracha agus an Stiúrthóir Taighde mar urlabhraí meáin don Choimisiún.

In Aguisín 2, cuimsítear rogha imeachtaí ón gCoimisiún, lena n-áirítear agallaimh a bhaineann le meáin, seimineáir agus cuairteanna le linn 2017.

CAIBIDIL 2

ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ: CUR I BHFEIDHM DEN CHEATHRÚ CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ AGUS REACHTAÍOCHT A BHAINNEANN LE TOGRAÍ AN CHOIMISIÚIN

FORBHREATHNÚ

(1) Foilseacháin um athchóiriú an dlí le linn 2017 agus obair ullmhúcháin ar an 5ú Chlár

Faoi 2017, bhí tús curtha ag an gCoimisiún leis an obair ar gach ceann de na tionscadail sa 4^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí nó bhí an obair sin curtha i gcrích. As an 11 tionscadal sa 4^ú Chlár, bhain forbairtí na cosa as 2 thionscadal ó cuireadh an Clár i gcrích i 2013. ⁵ Le linn 2017, d'fhorbair an Coimisiún dréacht-Pháipéar freisin maidir le 2 iarratas ón Ard-Aighne .

Thosaigh an Coimisiún freisin ar obair ullmhúcháin maidir lenár 5^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí a fhorbairt, lena n-áirítear sraith cruinnithe comhairliúcháin ar fud na tíre ag lorg tuairimí ar na tionscadail a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa Chlár. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an dréacht-Chlár a chur faoi bhráid an Rialtais i 2018.

In 2017 d'fhoilsigh an Coimisiún an Tuarascáil agus na Páipéir Saincheisteanna seo a leanas:

- *Tuairisc ar Alt 117 (55M) den Acht Comharbais, 1965: Gnéithe den Soláthar do Leanaí* (LRC 118-2017). Le hAlt 117 foráiltear gur féidir iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun téarmaí uachta a athrú nuair a theipeann ar thuismitheoir ina "d(h)ualgas morálta" chun "soláthar cuí" a dhéanamh do leanbh san uacht. Moladh sa Tuarascáil cé gur cheart go leanfadh le halt 117 d'Acht 1965 a bheith bunaithe ar an tástáil maidir le "soláthar cuí" a dhéanamh, ach gur cheart an tagairt do "dhualgas morálta" a aisghairm. Moladh sa Tuarascáil freisin gur cheart alt 117 a athchóiriú chun béim a leagan ar an ngá chun a chinntiú go ndéanfaí foráil chuí do leanaí a bhunadh forais shonracha, amhail cruatan eacnamaíoch nó ar thug rannchuidiú shuntasach le cúram an tuismitheoir i rith saol an tuismitheora. Moladh sa Tuarascáil freisin gur chóir go mbeadh foráil ann freisin faoi phróiseas alt 117 a bheith ar fáil nuair a fhaigheann an tuismitheoir bás díthiomnach.
- *Páipéar Saincheisteanna maidir le Pianbhreitheanna ar Fionraí* (LRC IP 12-2017), ina phléitear na prionsabail agus na rialacha nós imeachta a bhaineann leis an bhforchur de phianbhreitheanna ar fionraí. Cé gur tugadh bonn reachtúil do roinnt gnéithe den phróiseas in alt 99 den *Acht um Cheartas Coiriúil 2006*, faightear go príomha na prionsabail threoracha atá i gceist i gcás dlí. Sa Pháipéar iarrtar ar tuairimí a fháil maidir leis na leasuithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil sa réimse tábhachtach seo maidir le dlí pianbhreithe.
- *Páipéar Saincheisteanna maidir le Fáil Éigeantach Talún* (LRC IP 13-2017), ina phléitear an próiseas iomlán maidir le talamh a fháil go héigeantach. Sa Pháipéar, tugtar faoi deara go raibh an chuid is mó den reachtaíocht bhunúsach sa réimse seo ann sular bunaíodh an Stát, agus go bhfuil breis agus 70 scéim reachtúil ar leith ann, agus tá an ceann is coitianta a úsáidtear bunaithe ar Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCP) a úsáid. Sa Pháipéar iarrtar ar tuairimí a fháil maidir leis an gcaoi a bhféadtar an próiseas a athchóiriú, go háirithe maidir le cearta agus leasanna bunreachtúla ábhartha a chur san áireamh, agus an bhfuil gá ann don dlí atá ann faoi láthair a chomhdhlúthú in Acht amháin.

⁵ Féach ar fhonóta 6, thíos.

(2) Cur i bhFeidhm de Mholtaí an Choimisiúin le linn 2017

Sa reachtaíocht seo a leanas, a achtaíodh nó a bhreithníodh i 2017, cuireadh i bhfeidhm na moltaí a rinne an Coimisiún: an *tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017*, an *tAcht um Idirghabháil 2017*, an *tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 2017* agus an *Bille um Fhoréigean Baile 2017*. D'fhoilsigh an Rialtas roinnt Scéimeanna Billí (nó Cinn Bhillí) a bhaineann le moltaí ón gCoimisiún freisin. Áirítear leis seo: an Scéim *Bhille um Cheartas Coiriúil (Smachtbhannaí Pobail)*, Scéim *Bhille um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí*, Scéim *Bhille um Nós Imeachta Coiriúil*, agus Scéim *Bhille um Chúirteanna agus Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha)*. Ó am go ham, foilsítear Billí Comhalta Phríobháidigh d'fhonn na dréacht-Bhillí i dTuarascálacha an Choimisiúin a chur i bhfeidhm.⁶ Ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin www.lawreform.ie áirítear Tábla Cur i bhFeidhm ina bhfuil forbhreathnú ginearálta ar chur chun feidhme Thuarascálacha an Choimisiúin, a nuashonraítear go rialta.

ATHBHREITHNÍÚ MIONSONRAITHE AR OBAIR AGUS CUR I BHFEIDHM AN CHOIMISIÚIN

Pléitear an t-ábhar sa chuid seo den chaibidil faoi na 6 ceanteideal ginearálta seo a leanas:

1. Na Cúirteanna, Dlí Poiblí agus Forfheidhmiú Rialála (leathanaigh 12-13).
2. An Dlí Coiriúil agus an Nós Imeachta Coiriúil (leathanaigh 13-14).
3. An Dlí Sibhialta agus Tráchtála (leathanach 15).
4. Dlí na Fianaise (leathanach 15).
5. Dlí na Talún, Comharbas agus Iontaobhais (leathanaigh 15-18)
6. Dlí Teaghlaigh (leathanach 19).

1. NA CÚIRTEANNA, DLÍ PHOIBLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ RIALÁLA

1.(a) Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha

I 2017, ghlac an Coimisiún páirt i gcomhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara agus pléadh roinnt dréachtchaibidil dá dTuarascáil maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha (4^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 1), a leanfaidh as a *Pháipéar Saincheisteanna maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha* (LRC IP 8-2016) . Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún an Tuarascáil seo a fhoilsiú i 2018.

1. (b) Cur i bhfeidhm Oibleagáidí Idirnáisiúnta sa Dlí Intíre

Le linn 2017, d'fhorbair an Coimisiún dréachtfhaldal ar oibleagáidí idirnáisiúnta agus phlé sé dréachtaí de Phlépháipéar maidir leis an tionscadal a bhaineann le cur i bhfeidhm oibleagáidí idirnáisiúnta sa dlí intíre (an 4^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 10). Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún an fardal agus an Plépháipéar a fhoilsiú maidir leis an tionscadal seo i rith 2018, lena gcuirfear i gcrích an obair ar an tionscadal seo.

1. (c) Comhdhlúthú agus Codú an Dlí

⁶ Le blianta beaga anuas, achtaíodh líon beag de Bhillí Comhalta Phríobháidigh (PMBanna) ach níor achtaíodh BCP a d'eascair ó Thuarascálacha an Choimisiúin le níos mó ná 25 bliain.. Cuireadh tús leis an *Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989* agus an *tAcht Uchtála 1991* mar Bhillí Comhalta Phríobháidigh, agus bhí cur i bhfeidhm Thuarascálacha an Choimisiúin i gceist.

I 2017, thosaigh an Coimisiún le Tuarascáil a fhorbairt chun leanúint dá *Pháipéar Saincheisteanna maidir le hInrochtaineacht, Comhdhlúthú agus Foilsiú Ar Líne de Reachtaíocht* (LRC IP 11-2016) (4^ú Clár Athchóirithe Dlí, Tionscadal 11). Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, tar éis dul i gcomhairle tuilleadh ar an tionscadal leathan seo, a Thuarascáil maidir leis seo a fhoilsiú sa chéad leath de 2019.

1. (d) Seirbhís Ghiúiré

Luadh i Seisiún Fhómhar-Gheimhreadh Chlár Reachtaíochta an Rialtais go bhfuil Bille Giúiré le foilsiú le Tuarascáil an Choimisiúin, *Tuarascáil ar Sheirbhís Ghiúiré* (CAD 107-2013) (an 3^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 1) a chur i bhfeidhm, ina gcuimsítear moltaí fadréimseacha i dtaobh athchóiriú an dlí maidir le seirbhís ghiúiré, a leagtar amach faoi láthair in *Acht na nGiúiréithe, 1976*. Cuireadh moladh sa Tuarascáil i bhfeidhm maidir le giúróirí breise i dtrialacha fadálacha trí *Acht na nGiúiréithe, 1976* a leasú le *hAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*.

1. (e) Réiteach Malartach ar Dhíospóidí: Idirghabháil

Leis an *Acht Idirghabhála 2017* cuireadh i bhfeidhm na príomh-mholtaí i *dTuarascáil an Choimisiúin maidir le Réiteach Malartach ar Dhíospóidí: Idirghabháil agus Idir-réiteach* (LRC 98-2010) (3^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 5).

1.(f) Comhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna

I 2017, bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt an Meitheal ar Athbhreithniú ar Riarachán na gCeartas Sibhialta (faoi chathaoirleacht Uachtarán na hArd-Chúirte, an Breitheamh Peter Kelly). Déanann téarmaí tagartha na Meithle tagairt do *Thuarascáil ón gCoimisiún den bhliain 2010 maidir le Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna* (LRC 97-2010) (3^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 6).

2. AN DLÍ COIRIÚIL AGUS NÓS IMEACHTA

2.(a) Cumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach

Luadh i gClár Reachtaíochta an Rialtais i Seisiún an Fhómhair 2017 go raibh *Bille um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine* á dhréachtú chun aghaidh a thabhairt ar thograí maidir le dlí choiriúil i *dTuarascáil an Choimisiúin maidir le Cumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* (LRC 116-2016) (4^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí , Tionscadal 6). D'fhógair an Rialtas freisin go rachadh sé i mbun comhairliúcháin phoiblí (lena n-áirítear fóram poiblí an 8 Márta 2018) maidir le Coimisinéir um Shábháilteacht Digiteach a bhunú, rud a moladh freisin i *dTuarascáil an Choimisiúin*.

2. (b) Pianbhreitheanna ar Fionraí

In 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Saincheisteanna maidir le Pianbhreitheanna ar Fionraí* (LRC IP 12-2017) (4^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 5). Sa Pháipéar, tugtar faoi deara go ligtear don chúirt meáchanlár ciona a mharcáil le pianbhreith ar fionraí agus ag an am céanna ligtear do chúinsí sonracha an chiontóra a chur san áireamh. Is éard atá i gceist le pianbhreith ar fionraí go ndéanfaidh cúirt téarma príosúnachta a shonrú a mheasann sé is cuí maidir leis an gcion a ciontaíodh ciontóir agus ansin cuirfeadh fionraí ar fheidhmiú na pianbhreithe ar choinníollacha áirithe ar feadh tréimhse sonraithe. Is é an ceann is tábhachtaí de na coinníollacha seo ná nár cheart don chiontóir aon chion breise a dhéanamh i rith na tréimhse oibríúcháin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh cúirt pianbhreith de 3 bliana a fhorchur ach a ordú go gcuirfí ar fionraí í ar feadh 2 bhliain ar choinníoll go mbíonn an ciontóir dea-iomprach le linn na tréimhse 2 bhliain sin, agus freisin go gcaithfidh sé nó sí cloí le haon choinníollacha breise a shonraigh an chúirt . Is iad na gnáthchoinníollacha ná go gcaithfidh an duine a chomhaontú go mbeidh siad faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh agus, i gcásanna áirithe, ní mór dóibh aontú le fanacht amach ó dhuine nó limistéar áirithe nó

a bheith faoi réir cuirfiú tí le linn na hoíche. Má theipeann ar na coinníollacha seo a chomhlíonadh, ciallaíonn sé go gcuirtear an ciontóir ar ais os comhair na cúirte ina bhféadfar an phianbhreith a chur i ngníomh agus is féidir an ciontóir a chur i bpríosún.

Sa Pháipéar, tugtar aghaidh ar an tsaincheist an bhfuil cosc ar phianbhreith ar fionraí nó an bhfuil sí míchuí le haghaidh roinnt cionta. Tugann sé faoi deara go sonraítear pianbhreith éigeantach i leith dúnmharú i reachtaíocht agus nach cheadaítear pianbhreith ar fionraí in aon chás. Ar an gcaoi chéanna, cuireann reachtaíocht cosc ar phianbhreith ar fhionraí i leith cionta áirithe drugaí agus airm teine, i gcás ina mbaineann pianbhreith íosta toimhdean (seachas i gcásanna eisceachtúla). Ina theannta sin, déantar tagairt sa Pháipéar do shraith cinntí na gcúirteanna achomhairc le 20 bliain anuas a chinn nach raibh an phianbhreith ar fionraí oiriúnach do chionta tromchúiseacha áirithe (dúnorgain, éigniú, ionsaí is cúis le dochar tromchúiseach a dhéanamh agus calaois tromchúiseach cánach agus leasa shóisialaigh) agus go bhfuil gá le pianbhreith choimeádta (seachas i gcásanna eisceachtúla).

Sa Pháipéar, rinneadh anailís freisin ar fhaisnéis phianbhreithe arna foilsiú ag an tSeirbhís Chúirteanna le deich mbliana anuas. Dhearbhaigh sé seo, go ginearálta, go bhforchuirfidh an Chúirt Chuarda agus an Chúirt Dúiche cionta coimeádta i bhformhór na gcásanna ina raibh cionta tromchúiseacha i gceist. Ciallaíonn sé seo go n-úsáidtear pianbhreitheanna ar fionraí níos lú i gcásanna den sórt sin agus go n-úsáidtear iad níos coitianta i gcásanna nach bhfuil chomh tromchúiseach sin.

Sa Pháipéar, iarradh freisin ar thuairimí maidir le cibé an bhfuil na prionsabail pianbhreithe ginearálta a pléadh ann á gcur i bhfeidhm go cuí i gcás pianbhreitheanna ar fionraí, agus an raibh gá le tuilleadh treorach a fhorbairt maidir le pianbhreith. Leis an bhfaisnéis a d'fhoilsigh an tSeirbhís Chúirteanna, agus sonraí pianbhreithe eile a phléitear i bPáipéar an Choimisiúin, moltar laghdú céatadáin ar úsáid pianbhreitheanna ar fionraí le blianta beaga anuas, ach níl sé soiléir maidir leis an gcúis bheacht leis seo. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara ar an ábhar seo.

I bPáipéar an Choimisiúin rinneadh suirbhé ar úsáid pianbhreitheanna ar fionraí a bhaineann le 2 chion corparáideach, eadhon ciontuithe faoi dhlí iomaíochta agus faoi dhlí sábháilteachta agus sláinte. Léiríonn taighde an Choimisiúin go bhfuil gach pianbhreith príosúnachta sna cásanna sin curtha ar fionraí agus nár cuireadh dhuine ar bith i bpríosún go dtí seo. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir leis seo.

Maidir leis an tsaincheist faoi nósanna imeachta i leith pianbhreith ar fionraí a fhorchur, tugtar faoi deara sa Pháipéar gur achtaíodh roinnt athruithe tábhachtacha san *Acht um Cheartas Coiriúil (Pianbhreitheanna ar Fionraí) 2017*. Rinneadh é seo mar fhreagra ar chinneadh na hArd-Chúirte i *Moore v Director of Public Prosecutions*⁷ go raibh an próiseas gníomhachtaithe don phianbhreith ar fionraí in alt 99 den *Acht um Cheartas Coiriúil 2006* míbhunreachtúil. D'iarr an Páipéar ar thuairimí an raibh gá le hathchóirithe breise i ndáil leis na nósanna imeachta a bhaineann le pianbhreitheanna ar fionraí, lena n-áirítear an próiseas gníomhachtaithe.

2.(c) Cionta gnéis: toiliú agus creideamh macánta

I 2017, thosaigh an Coimisiún ag obair ar dhréachtpháipéar maidir le hiarratas ón Ard-Aighne, arna dhéanamh de réir alt 4 (2) (c) den *Acht um Choimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, chun scrúdú a dhéanamh an raibh gá le hathchóiriú a dhéanamh ar an dlí reatha maidir le toiliú agus creideamh macánta i ndlí na gcionta gnéis. Rinne an tArd-Aighne iarratas tar éis dhóspóireachtaí an Oireachtais ar an *Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017* (féach freisin thíos) agus cinneadh na Cúirte Uachtaraí in *The*

⁷ [2016] IEHC 244.

*People (DPP) v O'R.*⁸Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Páipéar a fhoilsiú faoin tionscadal seo i 2018.

2.(d) Cionta Gnéasacha: Cumas chun Toiliú agus Nochtadh Tríú Páirtí

Tugadh san áireamh i gCuid 3 den *Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017*, a phléann le gníomhartha gnéasacha le daoine faoi chosaint (daoine nach bhfuil ar a gcumas toiliú a thabhairt do ghníomhartha gnéasacha), an *Tuarascáil ar Chionta Gnéasacha agus Cumas chun Toiliú*(CAD 109-2013) (an 3ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadail 12 agus 14) de chuid an Choimisiúin. Cuireadh i bhfeidhm in Alt 39 (i gCuid 6) den Acht 2017, maidir le taifid tríú páirtí a nochtadh i dtrialacha áirithe, moltaí i bhfeidhm sa *Tuarascáil ar Nochtadh agus Fionnachtain i gCásanna Coiriúla* (CAD 112-2014) (an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 2) de chuid an Choimisiúin.

3. DLÍ SIBHIALTA AGUS TRÁCHTÁLA

3.(a) Clúmhillleadh agus tuairisciú cúirte

I 2017, d'fhorbair an Coimisiún dréachtpháipéar maidir le hiarratas ón Ard-Aighne, a rinneadh i gcomhréir le halt 4(2)(c) den *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, chun scrúdú a dhéanamh ar mhéid agus scóip na pribhléide iomláine in alt 17(2)(i) den *Acht um Chlúmhillleadh, 2009* a bhaineann le tuairisc chóir agus chruinn ar imeachtaí cúirte. Tugadh chun solais in iarratas an Ard-Aighne an tsaincheist an mbeadh sé cuí nó míchuí, agus aird ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn imeachtaí cúirte inrochtana don phobal trí na meáin, a fhoráil go bhféadfadh tuairisc chúirte nach dtagann faoi chuimsiú scóip alt 17(2)(i) a bheith faoi réir pribhléid cháilithe, dá ainneoin sin, mura mbíonn mailís i gceist; agus an mbeadh sé ceart nó mícheart go dteastódh cead ón gcúirt ó aon mhaíomh a bhaineann le pribhléid cháilithe den saghas sin sula leantar ar aghaidh leis. Foilseoidh an Coimisiún a Pháipéar Saincheisteanna maidir leis an tionscadal seo i 2018.

3. (b) Damáistí agus Orduithe um Íocaíochtaí Tréimhsiúla

Chuir an *tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 2017* Cuid IVB (Orduithe um Íocaíochtaí Tréimhsiúla) nua isteach san *Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961*, chun foráil a dhéanamh maidir le hOrduithe um Íocaíochtaí Tréimhsiúla (PPOanna) a dhéanamh in éilimh shibhialta, go háirithe i gcás go bhfuil cúram éiginnte sa todhchaí ag teastáil mar gheall ar nádúr leanúnach na ngortuithe atá i gceist (mar shampla i gcás éilimh faillí cliniciúla áirithe) agus i gcás nach bhféadfadh dámhachtain cnapshuime suim chaipitiúil leordhóthanach a sholáthar don chóireáil sin. Leis an Acht 2017, cuireadh i bhfeidhm na príomh-mholtaí i *dTuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Íocaíochtaí le haghaidh Gortuithe Catastrófachta: Modúl 1* (2010). Mhol an Coimisiún roimhe seo foráil a dhéanamh do PPOanna ina *Thuarascáil ar Ghortuithe Pearsanta: Íocaíochtaí Tréimhsiúla agus Socruithe Struchtúrtha* (LRC 54-1996) (a d'eascair as iarratas ón Ard-Aighne 1987 ar scrúdú a dhéanamh ar an ábhar seo).

4. DLÍ NA FIANAISE

Sheol an Breitheamh Seán Ryan, Uachtarán den Chúirt Achomhairc, *Tuarascáil an Choimisiúin maidir le Chomhdhlúthú agus Athchóiriú ar Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (LRC 117-2016) (3ú Chlár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 7, 8 agus 11) go foirmiúil an 18^ú Eanáir 2017.

5. DLÍ NA TALÚN, COMHARBAS AGUS IONTAOBHAS

5.(A) Dlí Comharbais: alt 117 den *Acht Comharbais, 1965*

⁸ [2016] IESC 64.

Le linn 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Alt 117 den Acht Comharbais 1965: Gnéithe den tSoláthar do Leanaí* (LRC 118-2017) (4^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 7, Modúl 2). Foráiltear le hAlt 117 d'Acht 1965 gur féidir le leanbh, lena n-áirítear leanbh fásta, de thuismitheoir atá básaithe a rinne uacht iarratas a dhéanamh chun na cúirte agus éileamh a dhéanamh gur theip ar an thuismitheoir ina "d(h)ualgas morálta soláthar cuí a dhéanamh don leanbh" de réir acmhainní an thuismitheora i rith shaol an thuismitheora. Má aontaíonn an chúirt gur theip ar an thuismitheoir comhlíonadh leis an dualgas soláthar cuí a dhéanamh don leanbh, féadfaidh sé ordú a dhéanamh a choigeartóidh an méid atá fágtha don leanbh san uacht agus a ordú go n-íocfar méid difriúil a mheasann an chúirt ceart don leanbh as eastát an thuismitheora.

Déanann an Tuarascáil 19 moladh maidir le hathchóiriú ar alt 117, agus áirítear sa Tuarascáil an *Dréacht-Bhille Comharbais (Leasú)* chun na críche seo. Is é conclúid na Tuarascála ná gur chóir don dlí caidrimh athraitheacha teaghlaigh agus athruithe déimeagrafacha a chur san áireamh ó achtaíodh an tAcht Comharbais 1965. I measc na n-athruithe sóisialta tábhachtacha a tharla ó na 1960idí tá aitheantas tugtha do chearta comhionanna do gach leanbh i ndlí comhleanúnachais agus tháinig colscaradh isteach, rud a chiallaigh go bhfuil socruithe teaghlaigh níos casta i gceist le hiarratais faoi alt 117 anois. Cuirtear san áireamh freisin sa Tuarascáil na hathruithe déimeagrafacha ó na 1960idí. Bhí tionchar acu seo ar cad a dtugtar an "conradh glúine" a bhí i bhfeidhm sa 20^ú haois nuair a thug an ghlúin fhásta cúram do dhaoine óga ar dtús, agus ansin d'fhás na daoine óga suas agus thug siad cúram dá dtuismitheoirí níos sine. Ó na 1960idí ar aghaidh, tharla roinnt athruithe gaolmhara. Ar an gcéad dul síos, tá líon níos lú de leanaí ag thuismitheoirí, agus mar sin, níl an oiread sin acu ann chun cúram a thabhairt dá dtuismitheoirí nuair a bhíonn siad níos sine. Ar an dara dul síos, tá na thuismitheoirí ag maireachtáil níos faide, ionas go mbeidh tréimhse níos faide acu, b'fhéidir, chun a saol níos déanaí a mhaoiniú, go háirithe a gcuid riachtanas sláinte agus cúraim. Ciallaíonn sé seo freisin go bhféadfadh níos lú seans a bheith ann go bhféadfadh siad oidhreachtaí dá gcuid leanaí ar an mbealach a d'fhéadfadh leanaí sa 20^ú haois a bheith ag súil le. Dúirt príomhghoirinteoilaí, amhail an tOllamh Sarah Harper, gur féidir linn a bheith ag bogadh isteach i "gconradh glúine oiriúnaithe", rud a chiallaíonn go mbeidh níos mó freagrachta ag daoine scothaosta astu féin ná mar a bhí san am atá caite.

Ba cheart go mbeadh alt 117 bunaithe ar "soláthar cuí" agus ní "dualgas morálta" Molann an Coimisiún gur cheart alt 117 a leasú trí thagairtí do "dualgas morálta" a bhaint agus a chur ina ionad go bhfuil dualgas ar thuismitheoir éagtha "soláthar cuí a dhéanamh" do leanbh. Féadfaidh an abairt "dualgas morálta" béim a chur go míchuí ar ionchas nó ar theidlíocht oidhreachta a fháil, seachas béim chuí a chur ar riachtanais linbh, lena n-áirítear leanbh fásta.

An toimhde gur sholáthar na thuismitheoirí dá leanaí fásta, faoi réir 3 eisceacht Machnamh a dhéanamh ar an gcur chuige ina gcuirtear béim ar riachtanais an linbh, molann an Coimisiún nach gá aon athchóiriú breise a dhéanamh ar alt 117 a mhéid a bhaineann sé le leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Mar sin féin, le haghaidh leanbh atá os cionn 18 mbliana d'aois (nó os cionn 23, má bhíonn sé i mbun oideachais lánaimseartha), molann an Coimisiún go bhfuil sé oiriúnach a thiomhdiú gur thug thuismitheoir soláthar ceart dóibh cheana féin. Arís, agus ag cur i bhfeidhm an tástáil riachtanais, molann an Coimisiún freisin go mbeadh an toimhde seo faoi réir 3 eisceacht shonraithe: (a) i gcás ina bhfuil gá airgeadais áirithe ag an leanbh fásta a eascraíonn as a chuid sláinte nó a chumas cinnteoireachta; (b) i gcás ina bhfuil earra de luach maoithneach ar leith ag an eastát don leanbh fásta; nó (c) i gcás inar thug an leanbh fásta cúram agus tacaíocht don thuismitheoir atá básaithe.

Ba cheart Alt 117 a leathnú go díthiomnacht Faoin dlí atá ann faoi láthair má fhaigheann thuismitheoir bás gan uacht a dhéanamh (go díthiomnach), déantar an t-eastát a dháileadh de réir scaireanna seasta sonracha san Acht Comharbais 1965. Ní fhéadfaidh

na cúirteanna na scaireanna seo a athrú, fiú amháin i gcásanna cruatan áirithe, agus faoin dlí reatha ní féidir iarratas faoi halt 117 a dhéanamh. I 1965 chinn an tOireachtas gan alt 117 a leathnú chun díthiomnacht a áireamh mar go bhféadfadh dlíthíocht bhreise a bheith ann dá bharr. Tugann an Coimisiún faoi deara, áfach, i dtíortha eile ina bhfuil na hiarratais sin ar fáil, nach bhfuil aon mhéadú tagtha ar na héilimh sin. Measann an Coimisiún freisin gur fearr, ar aon chuma, go bhféadfaí iarratas faoi alt 117 a cheadú i gcásanna ina bhféadfadh éagóir teacht ar shlí eile.

Scaireanna na gcéilí marthanaigh a imfhálú Cé go bhfuil cosaint faoi láthair ag scaireanna seasta de chéile marthanaigh atá ina thuismitheoir d'iarratasóir faoi alt 117, níl scaireanna seasta de chéile marthanaigh nach bhfuil ina thuismitheoir den iarratasóir. Molann an Coimisiún, le linn ordú a dhéanamh faoi alt 117, nach bhféadfadh an chúirt scaireanna aon chéile a laghdú níos lú ná an méid a bheadh sé nó sí i dteideal má bhfuair an t-éagach bás agus uacht bailí déanta aige (go hiomlán tiomnach).

Ba cheart go gcoimeádtar na teorainneacha ama reatha, ach ba chóir iad a shoiléiriú Sonraíonn Alt 117 gur gá iarratas a thabhairt laistigh de 6 mhí tar éis dó an t-eastát a phromhadh nó a riaradh go hiomlán: tarlaíonn sé seo de ghnáth idir 9 agus 15 mí tar éis bháis. Molann an Coimisiún gur chóir leanúint leis seo: toisc go gcuirfeadh aon fadú den teorainn ama níos mó moille chun eastáit a riar, agus d'fhéadfadh neamhchinnteacht a chruthú maidir le hoidhreacht. Molann an Coimisiún go bhféadfaí alt 117 a shoiléiriú ionas go bhféadfaí éileamh a thabhairt sula ndéanfar promhadh iomlán den eastát (rud a léiríonn cleachtas reatha).

Níl aon dualgas fógra a thabhairt d'éilitheoirí féideartha Molann an Tuarascáil nach chóir aon athrú a dhéanamh ar an dlí atá ann cheana féin, níl dualgas ar sheiceadóirí ná ar riarthóirí eastáit fógra a thabhairt d'éilitheoirí féideartha go bhfuil alt 117 ann. Tá sé seo mar gheall go mbeadh dualgas den sórt sin i gcoimhlint lena n-oibleagáidí chun an t-eastát a riar go héifeachtach. Molann an Coimisiún freisin nach chóir go mbeadh dualgais níos teoranta ag ionadaithe pearsanta maidir le hiarrthóirí féideartha a chur ar an eolas faoi bhás an tuismitheora mar go bhféadfadh deacrachtaí comhchosúla teacht chun cinn mar thoradh air seo.

Leis an Tuarascáil seo, cuireadh i gcrích obair an Choimisiúin ar an tionscadal seo, tar éis dó a *Tuarascáil maidir le Thairbhe a bhaint ó Dhúnbhású a Chosc* (LRC 114-2015): féach thíos.

5.(b) Dlí Comharbais: alt 120 den Acht Comharbais, 1965

Sa *Bhille um Scéim Cúirteanna agus Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha)*, a d'fhoilsigh an Rialtas i 2017, moltar na príomh-mholtaí sa *Tuarascáil maidir le Thairbhe a bhaint ó Dhúnbhású a Chosc* (LRC 114-2015) (4^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 7, Modúl 1) .

5.(c) Dlí ceannaigh éigeantaigh

In 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Saincheisteanna maidir le Fáil Éigeantach Talún* (LRC IP 13-2017) (4^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 8). Is éard atá i gceist le fáil éigeantach talún ná go n-úsáideann comhlachtaí poiblí (mar shampla, údarás áitiúil nó comhlacht reachtúil amhail an IDA) ordú ceannaigh éigeantaigh reachtúil (CPO) chun talamh a fháil ó úinéir talún. Tógtar an talamh seo chun é a fhorbairt chun críche poiblí, amhail bonneagar tithíochta, bóithre, fuinnimh nó leictreachais. Má bhíonn aon agóidí ann maidir leis an CPO, téann siad seo go dtí an Bord Pleanála de ghnáth, a chinneann an bhfuil gá le héisteacht ó bhéal ó chigire. Ina dhiaidh sin, déanann an Bord Pleanála cinneadh maidir le dearbhú an CPO. I bPáipéar an Choimisiúin, tugtar faoi deara gur sainaitníodh 234 CPO san iomlán i suirbhé ar CPOanna sa bhliain 2008, a dhearbhaigh an comhlacht ábhartha 72% astu sin, bhí 25% ar siúl agus tarraingíodh siar 3% nó diúltaíodh iad. I 2017, suas go dtí 6 Nollaig, rinneadh 69 CPO. As an 58 CPO a ndearnadh cinneadh orthu, cheadaigh an Bord Pleanála 54 CPO agus tharraing na

húdaráis áitiúla 4 cinn siar. Dá bhrí sin, i 2017, de na CPOanna a rinneadh agus nach ndearna na húdaráis áitiúla iad a tharraingt siar, deimhníodh 100% dóibh. Más rud é gur deimhníodh CPO, féadfar cúiteamh leis an úinéir talún a aontú nó féadtar é a tharchur d'eadránaí, agus is cinneadh deiridh de ghnáth é a chinneadh.

Sa Pháipéar, tugtar aghaidh ar 23 saincheist maidir leis an bpróiseas CPO, lena n-áirítear comhréireacht na srianta ar chearta maoinne a bhaineann leis. Ní bhíonn comhaontú comhchoiteann ag baint leis an bpróiseas CPO i gcónaí, agus cé go mbaintear cearta maoinne ó úinéirí talún, is féidir é a fírinniú faoin mBunreacht mar go gceadaítear le hAirteagal 43 den Bhunreacht cearta maoinne a theorannú i gcás ina seastar leis seo ar mhaithe le leas an phobail. Tá breis is 70 píosa reachtaíochta ar leith ann lena ligtear do chomhlachtaí poiblí éagsúla talamh a fháil leis an CPO. Téann go leor de na dlíthe seo siar go dtí dlíthe CPO 19^ú haois a achtaíodh i bhfad roimh Bunreacht na hÉireann 1937. I bPáipéar an Choimisiúin, déantar scrúdú cibé an gcomhlíonann na dlíthe seo leis na caighdeáin bhunreachtúla ábhartha uile (agus riachtanais inchomparáide i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine), go háirithe lena chinntiú go bhfuil cothromaíocht chomhréireach i gceist idir cearta maoinne agus leas an phobail. I measc a 23 cheist a ndearnadh scrúdú orthu i bPáipéar an Choimisiúin tá na nithe seo a leanas.

Nuair a luacháiltear an mhaoin agus an prionsabal coibhéise: pléann an tsaincheist seo an dáta atá le húsáid chun luach a chur ar an maoin a fhaightear go héigeantach. Faoi láthair, d'fhéadfaí luacháil a dhéanamh ar an maoin roinnt blianta roimh an dáta a dhéantar an íocaíocht chúitimh. D'fhéadfadh éagóir a bheith ann don Stát (má thiteann praghsanna maoinne idir an dá linn) nó éagóir don úinéir talún (má théann praghsanna maoinne suas). Rogha amháin atá ann ná gcuirfeadh na príomhphrionsabail an t-úinéir talún san áit chéanna, a mhéid agus a bhaineann le hairgead, amhail is dá mba rud é nach dtarlódh an CPO (prionsabal na coibhéise) agus go tarlódh an luacháil agus an íocaíocht sin ag an am céanna.

Na prionsabail agus na rialacha ginearálta atá le cur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar chúiteamh: déantar anailís ar na prionsabail agus na rialacha a rialaíonn an measúnú eadrána, agus achtaíodh go leor acu i 1919. Tá 5 phríomh-cheannteideal faoina bhféadfar cúiteamh a chinneadh: luach an mhargaidh, suaitheadh, damáiste, téarnaimh agus gean díobhálach. Cabhraíonn suaitheadh le prionsabal na coibhéise, aisíocaíocht a thabhairt don úinéir talún le haghaidh caillteanais airgeadais teagmhasacha a thabhaítear mar thoradh ar an CPO. Breithneofar laghdú ar luach talún mar gheall ar théarfa talún, amhail talamh feirmeoireachta. Clúdaíonn gean díobhálach titim ar luach na talún mar thoradh ar an bhforbairt í féin. Faoi láthair, ní féidir le húnéirí talún comharsanacha cúiteamh a fháil faoin gceannteideal seo, agus iarrann an Coimisiún ar cheart go leanfadh an dlí seo ar aghaidh.

An próiseas eadrána: Faoi láthair, de ghnáth, cinntíonn eadránaí aonair cúiteamh CPO. Iarrann an Coimisiún go ndéanfaí é seo a athchóiriú ar na línte a achtaíodh le déanaí san *Acht Forbartha Mianraí 2017*, ina bhfuil painéal 3 duine, atá comhdhéanta de 2 eadránaí maoinne agus gairmí dlí.

Cuspóir CPO a bhunú: pléann an tsaincheist seo an cuspóir don CPO a shonróidh an t-údarás faighte chun OCP a dhéanamh. Is é an léirmhíniú a chuirtear ar an "gcuspóir ar leith" atá riachtanach don OCP ná cuspóir ghinearálta reachtúil, amhail "tithíocht" nó "mótarbhealach". D'fhéadfadh easpa sainiúlachta a bheith ann mar thoradh air seo, atá ábhartha maidir le hagóid shubstaintiúil a dhéanamh i gcoinne OCP nó maidir le cinneadh a dhéanamh ar leibhéal cúitimh. Dá bhrí sin, i bPáipéar an Choimisiúin iarrtar ar cheart cuspóir níos sainiúla a shonrú nuair a dhéantar iarratas ar OCP den chéad uair.

Ról na ndiúltóir tríú páirtithe: pléann an tsaincheist seo leis an nós imeachta agóide ina gcinneann an Bord Pleanála an CPO a dhearbhu nó a dhiúltaí. Iarrann sé ar chóir aird a thabhairt ar agóidí atá bunaithe ar chruatan, go háirithe maidir le baill níos leochailí den tsochaí. Iarrann sé freisin an bhféadfaí an deis agóid a dhéanamh a leathnú go diúltóir tríú páirtithe, lena n-áirítear an chaoi ar chóir déileáil le costais a thabhaigh diúltóir tríú páirtithe mar thoradh ar shaineolaithe neamhspleácha a lorg.

Comhdhlúthú de reachtaíocht CPO: pléann an tsaincheist seo an gá a bhfuil ann do na cumhachtaí reachtúla reatha chun talamh a fháil go héigeantach, a bhfuil os cionn 70 acu agus cuid acu bunaithe ar reachtaíocht ó lár an 19ú haois, a chomhdhlúthú i mBille CPO amháin, mar aon le aon athchóirithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó scrúdú an Choimisiúin ar an dlí CPO, agus an ndéanfadh sé seo próiseas CPO níos inrochtana agus níos éifeachtaí a éascú.

5. (d) Tiarna talún agus tionónta

Luadh i Seisiún Fhómhar-Gheimhreadh Chlár Reachtaíochta an Rialtais 2017, i ndiaidh gur foilsíodh in 2012 Scéim *Bille Tiarnaí Talún agus Tionóntaí* (a d'eascair as *Tuarascáil ar an Dlí Tiarnaí Talún agus Tionóntaí* de chuid an Choimisiúin (LRC 85-2007) an (2ra Chlár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 23), go bhfuil Bille Tiarnaí Talún agus Tionóntaí le foilsiú.

5.(d) An Dlí Iontaobhais agus The Settled Land Acts

Luadh i Seisiún Fhómhar-Gheimhridh Chlár Reachtaíochta an Rialtais 2016 (Mír C) go bhfuil *Bille Iontaobhas* le foilsiú a chomhdhlúthódh agus a dhéanfadh athchóiriú ar *The Trustee Act, 1893*, a chuireann i gcuntas *Tuarascáil maidir leis an Dlí Iontaobhais: Tograí Ginearálta (LRC 92-2008)* de chuid an Choimisiúin agus obair an Choimisiúin ar a thionscadal ar an Dlí Iontaobhais agus The Settled Land Acts (an 3ú Chlár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 21), a eascraíonn ó aisghairm de The Settled Land Acts ag an *Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*.

6. DLÍ TEAGHLAIGH

Foréigean baile

Le linn 2017, d'fhoilsigh an Rialtas an *Bille um Fhoréigean Baile 2017* a bhfuil, tráth atá an Tuarascáil seo á scríobh, os comhair an Oireachtais. Leis an mBille 2017 cuirtear san áireamh moltaí an Choimisiúin sa *Tuarascáil ar Ghnéithe de Fhoréigean Baile* (LRC 111-2013) (3^ú Chlár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 24).

CAIBIDIL 3 ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT

RÉAMHRÁ

Leasaítear dlí na hÉireann go minic d'fhonn gur féidir athrú suntasach teacht ar an reachtaíocht, faoi mar a achtaíodh í, le himeacht ama. Tá obair an Choimisiúin ar Rochtain ar Reachtaíocht in ainm is é a dhéanamh níos fusa ar gach úsáideoir agus ar dhaoine eile, chun teacht ar an dlí faoi mar atá sé faoi láthair, seachas faoi mar a bhí sé i dtosach báire. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, tugann an Coimisiún faoi 3 phríomhthasc, an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Leasaithe agus an Liosta Rangaithe Reachtaíochta.

Is éard atá san Eolaire Reachtaíochta ná innéacs ar líne de na hathruithe reachtaíochta a rinneadh, lena n-áirítear Achtanna roimh-1922 atá i bhfeidhm go fóill. Cuireann sé ar chumas na leasuithe a shainnithint a imríonn tionchar ar phársa reachtaíochta, lena n-áirítear nuair a dhéantar forálacha a aisghairm, chomh maith, agus tugann sé le fios má theastaíonn ordú tosach feidhme a chur i bhfeidhm ó fhoráil. Ón mbliain 1989 ar aghaidh, liostaítear orduithe agus lonstraimí Reachtúla gaolmhara eile a rinneadh faoi chumhachtaí in Acht, chomh maith. I rith 2017, coimeádadh é cothrom le dáta laistigh de mhí.

Cuireann an Coimisiún **Achtanna Athbhreithnithe** le céile agus foilsíonn sé iad ina léirítear gach Acht leasaithe agus gach ceann dá leasuithe, nó táilte go hiomlán in aon cháipéis amháin. Cuireann seo ar chumas an léitheora an dlí a fheiceáil faoi mar atá sé, faoi láthair, sa bhreis ar fhaisnéis faoi leaganacha roimhe seo, cén forálacha nó leasuithe a tosaíodh agus cathain a tosaíodh iad, agus iad siúd nár tosaíodh go fóill.

Cuireann an **Liosta Rangaithe Reachtaíochta** ar chumas úsáideoirí chun teacht ar an reachtaíocht atá á lorg acu. Foilsítear Achtanna an Oireachtais in ord croineolaíoch de réir bliana, ach ní shocraítear iad de réir ábhair. Mar sin, fiú nuair a aimsíonn úsáideoir príomh-Acht, ar nós an *Achta um an Dlí Teaghlaigh, 1995*, ní chabhraíonn an reachtaíocht, faoi mar atá sé liostaithe go croineolaíoch, le reachtaíocht eile a bhaineann le dlí teaghlaigh nó leanaí a aimsiú. Liostaítear breis agus 2,000 Acht sa Liosta Rangaithe Reachtaíochta atá i bhfeidhm faoi 36 teideal ábhair. Dá bhrí sin, mar shampla, féadfaidh úsáideoir teacht ar an reachtaíocht teaghlaigh go léir faoi Theideal 17 agus an reachtaíocht go léir faoi Sheirbhísí Airgeadais agus Forais Chreidmheasa faoi Theideal 18.

EOLAIRE REACHTAÍOCHTA

Coimeádann an Coimisiún Eolaire Reachtaíochta, innéacs d'athruithe reachtaíochta, a fhoilsítear ar láithreán gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann leictreonach (eISB). Déann sé anailís ar an reachtaíocht nua go léir, tugann sé faoi deara an tionchar a imríonn sé ar an reachtaíocht reatha, agus cuireann sé i dtáifead an tionchar i dtáblaí a bhaineann le gach Acht. Dá bhrí sin, mar shampla, chun na hathruithe go léir a fheiceáil a dhéantar ar an *Acht Comharbais, 1965* ó achtaíodh é, féadfaidh úsáideoir teacht ar an Acht 1965 ar an eISB, agus an tábla athruithe ceangailte a chuardach.

Áirítear leis an Eolaire Reachtaíochta táblaí le haghaidh Achtanna roimh 1922 atá i bhfeidhm go fóill. San áireamh freisin tá táblaí d'ionstraimí reachtúla agus tionchar reachtaíochta mar gheall ar ionstraimí reachtúla ón dáta reatha siar go dtí an 1 Eanáir 1990 (amhail tráth a scríobhadh é seo). Le linn 2016, de bhun Cás Gnó, fuair an

Coimisiún faomhadh sonrath breise i gcomhar maoinithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an tEolaire a shíneadh d'ionstraimí reachtúla siar go dtí 1973 nuair a ghlac Éire le ballraíocht san Aontas Eorpach (na Comhphobail Eorpacha ag an tráth sin). Tar éis do thabhairt faoi fheachtas earcaíochta a fógraíodh go poiblí go luath in 2017 don tionscadal seo, cuireadh tús le hobair air seo sa dara ráithe de 2017.

Coimeádann an Coimisiún an tEolaire Reachtaíochta in dhá fhoirm, foirm níos sine a fuair an Coimisiún le hoidhreacht in 2006, ina liostaítear ach leasuithe ar Achtanna amháin, agus formáid níos nua a thug an Coimisiún isteach lena n-áirítear faisnéis maidir le tosach feidhme agus reachtaíocht ghaolmhar thánaisteach, chomh maith le liosta de na leasuithe. In 2016, síneadh an fhoirm nua ní ba nua siar ó 1996 go dtí 1990.

Coimeádadh an tEolaire Reachtaíochta cothrom le dáta go dtí laistigh de mhí amháin le linn 2017.

In 2016, chuir an Coimisiún a thiontú den Eolaire Reachtaíochta ó bhailiúchán comhad go bunachar sonraí i gcrích. Leis an obair seo, leagadh an bhonnshraith d'éifeachtúlachtaí níos fearr in obair na foirne um Rochtain ar Reachtaíocht le linn 2017.

ACHTANNA ATHBHREITHNITHE

Achtanna Athbhreithnithe

Ullmhaíonn agus nuashonraíonn an Coimisiún comhdhlúthuithe riaracháin de líon Achtanna atá ag dul i méid, arb ionann anois é agus breis agus 300, ar a dtugtar Achtanna Leasaithe. Achtanna iad thart ar leath de na hAchtanna seo ón mbliain 2006 ar aghaidh a ndearnadh leasú orthu i dtaobh téacs de, seachas Achtanna Airgeadais agus Leasa Shóisialaigh. Is Achtanna eile iad na hAchtanna roimh 2005 a roghnaíodh, agus áirítear grúpaí Achtanna a bhaineann le dlí fostaíochta, dlí leanaí, dlí teaghlaigh, agus Achtanna um thrácht ar bhóithre, chomh maith le hAchtanna eile a mbaintear go leor úsáide astu, ar nós na *nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000* agus an *Achta um Shaoráil Faisnéise 2014*. Cabhraíonn obair an Choimisiúin ar an Eolaire Reachtaíochta le hullmhú na nAchtanna Leasaithe.

Nuashonraítear na hAchtanna Leasaithe laistigh de dhá mhí tar éis an leasaithe agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin an Choimisiúin. Tá í siad ceangailte ar bhonn aonair ón Acht bunúil ábhartha ar an eISB, agus cuireadh an rogha ar fáil chun iad a thaispeáint de réir Ailt agus de réir Acht iomlán i bhformáid HTML, le hanótálacha, agus de réir Acht iomlán i bhformáid PDF, le hanótálacha agus gan anótálacha. Áirítear leis na hanótálacha na foinsí d'aon athruithe agus faisnéis maidir le tosach feidhme. In 2017, nuashonraíodh breis agus 250 Acht Leasaithe, go dtí laistigh de dhá mhí, agus rinneadh roinnt ceann a nuashonrú cúpla uaire.

Is féidir iad a fheiceáil ag <http://revisedacts.lawreform.ie/revacts/alpha>

LIOSTA RANGAITHE REACHTAÍOCHTA

Liosta Rangaithe Reachtaíochta

Coimeádann an Coimisiún liosta Achtanna atá i bhfeidhm a rangáítear faoi 36 teideal ábhair nó teidil. Faoi láthair, féadfaidh an pobal teacht ar reachtaíocht na hÉireann san ord a dhéantar í agus liostaítear í ar an eISB in ord croineolaíoch de réir uimhreach. Mar gheall air seo, bíonn deacrachtaí ann do dhlíodóirí agus don phobal araon eolas a bheith acu ar na hAchtanna éagsúla a dhéileálann le hábhar ar nós an dlí comhshaoil,

an rialtais áitiúil nó pósadh. Le Liosta Rangaithe na nAchtanna cuirtear le chéile de réir ábhair agus is pointe rochtana áisiúil é, dá bharr. Tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus tá nasc leis ó leathanach baile an eISB.

Dréacht-Liosta Rangaithe d'Ionstraimí Reachtúla

I mí na Bealtaine 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún dréacht-Liosta Rangaithe d'Ionstraimí Reachtúla chun cur le Liosta na nAchtanna. Cuimsíodh thart ar 15,000 ionstraim reachtúil a liostaítear faoina nAchtanna cumasaithe, ina bhfuil os cionn 35,000 ionstraim a rinneadh ó bunaíodh an Stát. Chabhraigh an t-aiseolas leis an gCoimisiún a fuarthas ó Ranna Rialtais sna 3 bliana roimhe sin. Sainithníodh go bhfuil go leor ionstraimí ídithe, imithe as feidhm, gur cuireadh ionstraimí eile ina n-ionad nó go bhfuil siad míchuí. Beartaítear gur cheart go bhfeidhmeodh seo mar liosta oibre, go ndéanfar é a chuíchóiriú de réir mar a thagann níos mó faisnéise chun solais, agus go bhfeidhmeodh sé mar acmhainn do dhréachtóirí agus reachtóirí, a chruthaíonn soiléireacht níos fearr don leabhar reachtanna. Leis an bhforbairt leanúnach atá á déanamh ar an Eolaire Reachtaíochta d'Ionstraimí Reachtúla, tá taisclann ann anois atá inrochtana go poiblí chun aisghairm agus athruithe eile ar ionstraimí reachtúla a bhreacadh síos. Nuashonraíodh an Liosta Rangaithe Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla le haiseolas breise agus foilsíodh é mar eagrán i mí Mheán Fómhair 2016.

Leanadh ar aghaidh le hobair chun na Liostaí Rangaithe a chomhtháthú le bunachar sonraí nua an Eolaire Reachtaíochta, d'fhonn nuashonruithe amach anseo a bhunú ar an mbunachar sonraí agus mar sin dúbailt na hoibre a laghdú. Tá an Coimisiún ag tnúth le nuashonrú a fhoilsiú a bheidh ullmhaithe ar an mbealach seo le linn 2018.

CAIBIDIL 4 RIARACHÁN

RÉAMHRÁ

Tá sé mar aidhm ag riarachán an Choimisiúin seirbhísí corparáideacha éifeachtacha, nua-aimseartha agus gairmiúla riaracháin agus gnó a chur ar fáil don Choimisiún d'fhonn tacú leis chun a chuspóirí a bhaint amach. Mar thoradh air seo, tá timpeallacht oibre ann ina dtacaíonn aonaid riaracháin le hobair dhlíthiúil an Choimisiúin trí sheirbhísí tacaíochta corparáideacha gnó den scoth a sholáthar, ar nós bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais, tacaíocht dlí agus chorparáideach, teicneolaíocht faisnéise, agus seirbhís leabharlainne agus faisnéise.

Tá struchtúr eagrúcháin an Choimisiúin (amhail Nollaig 2017) leagtha amach in Aguisín 1.

AN COIMISIÚN

Tá an Coimisiún comhdhéanta d'Uachtarán agus 4 Choimisinéir eile. Ceapann an Rialtas Coimisinéirí ar feadh téarma suas le 5 bliana, agus féadfar a gceapachán a athnuachan. Iar-bhreitheamh na hArd-Chúirte é Uachtarán an Choimisiúin, John Quirke, a athcheapadh do théarma 5 bliana in 2015. As na 4 Choimisinéir eile, bhí sé mar chleachtas 1 Choimisinéir a cheapadh ar bhonn lánaimseartha (agus, go héifeachtach, chun gníomhú, chomh maith, mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin) agus chun na 3 Choimisinéir eile a cheapadh ar bhonn páirtaimseartha Is é Raymond Byrne (Abhcóide) an Coimisinéir lánaimseartha a bhí ina Stiúrthóir Taighde sa Choimisiún sular ceapadh é. Ceapadh é ar feadh téarma 5 bliana, i ndiaidh próiseas ceapachán poiblí faoi choimirce an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC) agus na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS). Is iad na 3 Choimisinéir (páirtaimseartha), a ceapadh ar feadh téarma 5 bliana in 2015: An tOllamh Donncha O'Connell, Scoil an Dlí, OÉ, Gaillimh, an tUasal Tom O'Malley, Abhcóide, agus Scoil an Dlí, OÉ, Gaillimh; agus an Breitheamh Onórach Carmel Stewart, breitheamh na hArd-Chúirte.

Déanann an Coimisiún moltaí leis an Rialtas maidir le hábhar an chláir um athchóiriú an dlí, déanann sé cinneadh faoi ábhair aschur taighde an Choimisiúin (a chuimsítear i bPáipéir Shaincheisteanna agus i dTuarascálacha), agus déanann sé príomhchinntí riaracháin agus airgeadais. Tionóllann an Coimisiún go foirmiúil mar chomhlacht 10 n-uaire sa bhliain ar a laghad.

AN COISTE BAINISTÍOCHTA

Tá Coiste Bainistíochta an Choimisiúin comhdhéanta den Coimisinéir lánaimseartha, an Stiúrthóir Taighde agus an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht agus Ceann an Riaracháin. Buailéann an Coiste Bainistíochta le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhcheisteanna a bhaineann le feidhmiú éifeachtach an Choimisiúin. Is é ceann de phríomhfhreagrachtaí an Choiste ná monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna a leagtar amach i bPlean Gnó Bliantúil an Choimisiúin a bhaint amach, plean a nuashonraítear ar bhonn ráithiúil.

FOIREANN RIARACHÁIN

Bhí foireann riaracháin agus leabharlainne an Choimisiúin comhdhéanta den Cheann Riaracháin agus foireann de cheathrar (4) ball foirne amhail Nollaig 2017.

Le linn 2017, bhí freagracht foriomlán ag an Riarachán as:

- Bainistiú, próiseáil agus tuairisciú a dhéanamh ar gach idirbheart airgeadais sa Choimisiún
- Cóiríocht agus infrastruchtúr TF an Choimisiúin a bhainistiú
- Feidhm acmhainní daonna an Choimisiúin a bhainistiú
- Tacaíocht riaracháin a sholáthar don fheidhm taighde
- Bainistíocht a dhéanamh ar aistriú na hoifige go Teach Styne
- Tabhairt faoi fheidhmeanna riaracháin éagsúla maidir le seoltaí foilseacháin agus maidir le Páipéir Saincheistenna agus Tuarascálacha (agus rith chló teoranta de Thuarascálacha) a fhoilsiú ar líne.

Shocraigh an Foireann Riaracháin, ina theannta sin, leithdháileadh foilseachán an Choimisiúin agus pleanáil agus eagrú ar na tascanna éagsúla a bhaineann le seoladh foilseacháin an Choimisiúin, chomh maith le bhainistíocht imeachta agus seirbhísí comparáideacha a bhaineann le seoltaí, seimineáir agus an chomhdháil bhliantúil.

FOIREANN TAIGHDE AGUS LEABHARLAINNE

Is é príomhról an fhoireann taighde ná dréacht-théacsanna a fhorbairt ionas go ndéanfaí an Coimisiún breithniú orthu. Áirítear leis seo Páipéar Scóipeála tosaigh a ullmhú do thionscadal ina leagtar amach paraiméadair na limistéar atá faoi phlé. I gcéimeanna deiridh tionscadail, bíonn forbairt de dhréacht-Pháipéar Saincheistenna agus dréacht-Tuarascáil i gceist.

Foireann Taighde

Tá Stiúrthóir Taighde i gceannas ar an bhfoireann taighde um athchóiriú an dlí. I mí Feabhra 2017, tar éis comórtas a fógraíodh go poiblí don phost, ghlac an tOllamh Ciarán Burke, Ollamh de Dhlí Idirnáisiúnta, Ollscoil Jena, post mar Stiúrthóir Taighde (in ionad Raymond Byrne, a ceapadh mar Coimisinéir lán-aimseartha i mí Aibreáin 2016).

Déanann an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht (an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Leasaithe agus an Liosta Rangaithe Reachtaíochta), Alma Clissmann, Aturnae, agus an Leas-Bhainisteoir, Kate Doran, maoirsiú ar obair um Rochtain ar Reachtaíocht an Choimisiúin. I rith 2017, thug an Coimisiún faoi fheachtas earcaíochta a fógraíodh go poiblí le haghaidh taighdeoirí dlí (a fhostaítear ar chonarthaí téarma seasta) agus, tar éis agallaimh iomaíocha, d'fhorbair painéal taighdeoirí as a bhféadfaidh sé a chinntiú go líonfaí poist do 8 taighdeoir dlí lánaimseartha.

Tá an fhoireann bhreise a earcaíodh le haghaidh dhá bhliain i 2017 chun an Eolaire Reachtaíochta d'Ionstraimí Reachtúla a leathnú ar ais go 1972 comhdhéanta de bheirt taighdeoirí dlíthiúla agus Fiona Carroll, Aturnae bainisteoir QA agus tionscadail páirtaimseartha.

Stiúránn agus bainistíonn an Stiúrthóir Taighde an fhoireann um athchóiriú an dlí agus taighde dlí, agus go ginearálta cuireann sé comhairle agus cúnaimh ar fáil do na taighdeoirí, ag féachaint d'aschur cuí agus cáilíocht oibre a dhearbhu. Áirítear leis seo tabhairt faoi thaighde ginearálta cúlra, Páipéir Scóipeála a ullmhú, dréachtcháipéisí agus dréacht-Pháipéir Shaincheistenna agus Tuarascálacha a ullmhú ionas go

ndéanfaí an Coimisiún breithniú orthu. Casann an Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht agus an Leas-Bhainisteoir, agus an fhoireann taighde dlí ar bhonn seachtainiúil mar ghrúpa chun tuairimí a mhalartú faoi na réimsí a bhfuil siad ag tabhairt faoi thaighde orthu. Spreagtar taighdeoirí chun ailt a fhoilsiú in irisí dlí ábhartha le linn a gcuid ama leis an gCoimisiún. Áirítear leis seo ailt a bhaineann le réimsí ar a bhfuil an taighdeoir ag obair go gníomhach orthu

Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise

Is é príomhról leabharlainne an Choimisiúin a bheith ag súil le agus a bheith ag freagairt do riachtanais na gCoimisinéirí agus d'fhoireann taighde an Choimisiúin le haghaidh seirbhísí leabharlainne agus faisnéise.

I rith 2017, d'oibrigh an Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise i gcomhairliúchán leis na foirne taighde chun rochtain thráthúil a sholáthar ar acmhainní nua leictreonacha agus cruachóipe. Scaipeadh bullaitín inmheánach d'fhorbairtí reatha dlíthiúla, lena díriodh ar éadálacha nua leabharlainne, ar an bhfoireann go léir ar bhonn seachtainiúil

AIRGEADAS

Ioncam agus caiteachas

Faigheann an Coimisiún maoiniú ó dheontas ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe trí Oifig an Ard-Aighne. B'ionann an t-ioncam iomlán a fuarthas in 2017 ó gach foinse (lena n-áirítear deontas i gcabhair, glanchistiú iarchurtha ó phinsin, aistrithe chuig an gcuntas caipitil, foilseacháin a dhíol agus ioncam a fuarthas ón Roinn Coimirce Sóisialaí) agus € 2,088,714

B'ionann an caiteachas le linn 2017 agus € 2,049,086 . Sa chaiteachas, cuimsíodh tuarastail agus aoisliúntas na gCoimisinéirí agus na foirne, cíos agus forchostais áitribh, cothabháil leabharlainne an Choimisiúin, cothabháil líonra TF agus costais chlódóireachta agus dáilte an Choimisiúin.

Athlonnú áitreabh na hoifige i 2017

I mí Dheireadh Fómhair 2017, d'aistrigh an Coimisiún oifigí freisin ó Theach IPC, Bóthar Shelbourne (áit ina raibh an Coimisiún lonnaithe le beagnach 20 bliain) go Teach Styne, Sráid Hatch. Bhí gá leis an athlonnú mar gheall ar an scartáil de Theach IPC a bhí beartaithe d'fhonn é a athfhorbairt i 2018. Chuaigh an Coimisiún le cúnadh ó Oifig na nOibreacha Poiblí i mbun oibre ullmhúcháin fhorleathan ó 2016 ar aghaidh, lena n-áirítear áitreabh oifige malartacha oiriúnach a aithint, ar mhaithe le comhairle ghairmiúil sheachtrach a fhaightear tar éis cleachtais tairisceana iomaíoch. Mar thoradh air seo, d'ullmhaigh an Coimisiún Cás Gnó a cuireadh in iúl d'Oifig an Ard-Aighne in Eanáir 2017. D'fhorhmeas Oifig an Ard-Aighne an idirbheartaíocht chun léas a shannadh do chuid den 5^ú Urlár, Teach Styne, Sráid Hatch. Críochnaíodh an sannachán seo i mí Lúnasa 2017 agus, tar éis oibreacha feistithe, bhog an Coimisiún oifigí i mí Dheireadh Fómhair 2017. Rinne an Ceann Riaracháin agus a fhoireann riaracháin mairseacht ar an athlonnú. Ba ghníomhaíocht shuntasach lóistíochta í seo inar chabhraigh an fhoireann, an riarachán agus an taighde go léir. Ní raibh aon leithdháileadh airgeadais breise ag teastáil ón gCoimisiún maidir leis na costais a bhain leis an aistriú (lena n-áirítear costais feistithe) agus comhlíonadh é laistigh de dheontas-i-gcabhair an Choimisiúin.

SOCRUITHE RIALACHAIS

Tá an freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ag an gCoimisiún as gníomhaíochtaí an Choimisiúin. Cabhraíonn Coiste Bainistíochta, agus an fhoireann Riaracháin agus

Taighde leis an gCoimisiún sa ról sin. Is é Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne an tOifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún.

De réir nósanna imeachta reatha cuntasaíochta, tarraingítear cistiú anuas ó Oifig an ArdAighne ar bhonn míosúil trí dheontas. Is comhaontú seirbhíse í seo idir an Coimisiún agus Oifig an Ard-Aighne.

Iniúcháireacht Sheachtrach

Cuireadh cuntais leithreasa don bhliain 2017 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúcháireachta. A luaithe agus a fhaomhtar na cuntais, cuirtear iad faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá siad curtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais i gcomhréir leis an *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*.

Coiste Iniúchta

Déanann Coiste Iniúchta de chuid Oifig an Ard-Aighne iniúchadh ar an gCoimisiún.

Íocaíochtaí prasa

Níor thabhaigh an Coimisiún aon phionóis mar gheall ar ús déanach i rith 2016 faoin *Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997*, arna leasú ag *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002*.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Is comhlacht poiblí é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí chun críocha na *nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001*.

AN CÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ

Le linn tréimhse na Tuarascála Bliantúla, rinne an Coimisiún nósanna imeachta agus beartais a nuashonrú ionas go mbeidís ar aon dul le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 arna athbheithniú.

Soláthraítear sa Chód Cleachtais creat chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i rialachas corparáideach i measc comhlachtaí stáit tráchtála agus neamhthráchtála. Leagtar amach sa Chód ceanglais chomhlíonta atá ar na comhlachtaí neamhthráchtála, ar nós an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, sna réimsí seo a leanas, a phléitear thíos

- Tuarascálacha, Luach Saothair agus Cuntais
- Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
- Iompar Stiúrthóirí agus Fostaithe
- Soláthar
- Taisteal agus Cothabháil
- Bainistíocht Riosca
- Ráiteas Aschuir

Tuarascálacha, Luach Saothair agus Cuntais

Sa bhreis ar an bhfaisnéis faoi ioncam agus airgeadas thuasluaite, leagtar amach sna figiúirí thíos tuarastail, speansais, agus costais a tabhaíodh maidir le freastal ar chomhdhálacha, don Uachtarán agus 4 Choimisinéir eile

<i>Ainm an Choimisinéara</i>	<i>Líon na gcruinnit he a bhfreasta laíodh orthu</i>	<i>Tuarasta I / táillí</i> €	<i>Costais taistil chuig cruinnithe an Choimisiúin</i> €	<i>Freastal ar chomhdhála ha / léachtaí</i> €
<i>Uachtarán</i> An Breitheamh John Quirke	10	48,000	0	0
<i>Coimisinéir (lánaimseartha)</i> An tUasal Raymond Byrne	10	139,904	578	0
<i>Coimisinéirí (páirtaimseartha)</i>				
An tOllamh Donncha O'Connell	9	0	9,471.73 ⁹	0
An tUasal Tom O'Malley	9	0	0	0
An Breitheamh Onórach Carmel Stewart	9	0	0	0

*

Athcheapadh an tUachtarán i 2015 ar bhonn páirtaimseartha agus comhaontaíodh a thuarastal i gcomhréir le treoirlínte ábhartha Rialtais.

Tá tuarastal an Choimisinéara lánaimseartha ar leibhéal an Ard-Rúnaí;

Ní fhaigheann an 3 Choimisinéir pháirtaimseartha tuarastal ná táille ag eascairt ó bheartas “tuarastal Stáit amháin” an Rialtais. Baineann speansais taistil chuig cruinnithe an Choimisiúin do na Coimisinéirí le taisteal ó áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Taisteal agus Cothú

Rinne an tAonad Seirbhísí Dlí agus Corparáideacha eitiltí agus cóiríocht a eagrú a íoc roimh ré i gcomhréir le beartas taistil an Rialtais, agus rinneadh aon chostais eile ghaolmhara a dheimhniú. D'fhreastail comhaltaí agus foireann an Choimisiúin ar na comhdhálaí seo a leanas thar lear in 2017.

- Comhdháil Bhliantúil ar BIALL, Manchain,
- Comhdháil Bhliantúil d'Fhóram Eorpach na nIrisí Oifigiúla, Málta,
- Cruinniú de Chomhairle Barraí agus Cumainn Dlí na hEorpa (CCBE) maidir le Rochtain ar Cheartas, Dún Éideann,
- Scoil Samhraidh an Chumainn Dlí Choiteann (Ollscoil Charles de Phrag), Patejdlova Bouda, Giant Mountains, Poblacht na Seice,
- Cruinniú bliantúil Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí Shasana/na Breataine Bige, na hÉireann, Gheirsí agus na hAlban, Dún Éideann
- An 5^ú Clár Comhairliúcháin ar Athchóiriú an Dlí, Ollscoil Luimnigh,
- An 5^ú Clár Comhairliúcháin ar Athchóiriú an Dlí, Ollscoil na Gaillimhe,

Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí a athbhreithnítear gach bliain ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ag Oifig an Ard-Aighne.

Iompar Coimisinéirí agus Fostaithe

Tá Cód Iompair Gnó do Choimisinéirí ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí a glacadh agus a faomhadh go foirmiúil. Is státseirbhísigh iad baill foirne Riaracháin an

⁹ Tagraíonn sé seo do speansais taistil Choimisinéir Uí Chonaill chuig cruinnithe an Choimisiúin ó lár 2014 go 2017 (ina bhfuil 32 cruinniú Coimisiúin i gceist).

Choimisiúin agus ceanglaítear orthu comhlíonadh le ceanglais Chóid Chaighdeán agus lompair na Státseirbhíse agus an *Achta um Rúin Oifigiúla, 1963*.

Soláthar

Tugann an fhoireann Riaracháin faoi sholáthar sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí a chinntíonn go bhfuil soláthar ar aon dul le ciorcláin dhlí agus Rialtais an AE. Déanann siad teagmháil rialta leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun leas a bhaint as seirbhísí láraithe bainistithe, sa chás go bhfuil siad ar fáil.

Clár Rioscaí an Choimisiúin

Rinneadh Clár Rioscaí an Choimisiúin a nuashonrú i mí na Samhna 2016 agus coimeádtar é faoi athbhreithniú rialta ag an gCoimisiún.

Ráiteas Straitéise agus Plean Gnó

Is ionann na Príomhchuspóirí i *Ráiteas Straitéise 2015-2017* an Choimisiúin ar leibhéal eagraíochta agus na spriocanna a leagtar amach i bPlean Gnó an Choimisiúin. Sa Phlean Gnó, cuimsítear spriocanna ráithiúla faoi gach cuspóir. Déanann an Coiste Bainistíochta monatóireacht rialta ar an dul chun cinn a dhéantar chun na spriocanna seo a bhaint amach.

PMDS

Bainistítear feidhmíocht comhaltaí foirne aonair (agus taighdeoirí dlí, ar fostaithe iad ar chonarthaí téarma sheasta) trí PMDS.

ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

I gcomhréir le *Rialacháin na gComhphobail Eorpacha (Éifeachtúlacht Úsáid Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009* (I.R. Uimh. 542 de 2009), agus Treoir 2006/32/CE, chinntigh an Coimisiún i rith 2017 gur ghlac sé céimeanna cuí i dtaca le bearta caomhnaithe agus laghdaithe fuinnimh. Tar éis don Choimisiún oifigí a aistriú ó Theach IPC, Bóthar Shelbourne, go dtí Styne House, Sráid Hatch, i nDeireadh Fómhair 2017, cuireadh socruithe leasaithe i bhfeidhm chun fuinneamh a chaomhnú sna hoifigí nua.

ACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2014

Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag comhlíonadh lena chuid oibleagáidí faoin *Acht um Shaoráil Faisnéise 2014* i gcomhréir lena Scéim um Shaoráil Faisnéise (FOI), atá foilsithe ar a láithreán gréasáin, www.lawreform.ie. Logáiltear iarratais ar Shaoráil Faisnéise ar Logáil Faisnéise an Choimisiúin, atá mar chuid dá Scéim Shaorála Faisnéise. I 2017, ní bhfuair an Coimisiún aon iarratas ar Shaoráil Faisnéise.


AN TACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ceanglaítear ar an gCoimisiún, mar chomhlacht poiblí, faoi alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014* tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon nochtadh cosanta a rinneadh leis, an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagairt d'aon nochtadh cosanta den saghas sin.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an gCoimisiún sa tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016.

AGUISÍN 1

Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí in 2017



AGUISÍN 2

Rogha Imeachtaí an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí in 2017

Eanáir

- Seoladh an *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú ar Ghnéithe an Dlí Fianaise* (LRC 117-2016) ag an Breitheamh Seán Ryan, Uachtarán na Cúirte Achomhairc, 18 Eanáir
- Freastal ar chruinniú an Ghrúpa ríomhReachtaíochta, Roinn an Taoisigh, agus cruinnithe rialta i rith na bliana

Márta

- Cuairt d'Oifig Ghnóthaí Reachtaíochta na Comhairle Stáit de chuid Daon-Phoblacht na Síne ar an gCoimisiún, 23 Márta

Bealtaine

- Seoladh de *Thuarascáil ar Alt 117 den Acht Comharbais, 1965: Gnéithe den Soláthar do Leanaí* (LRC 118-2017) ag an Breitheamh Uasal Marie Baker, breitheamh na hArd-Chúirte, 1 Bealtaine
- Coimisinéir Byrne, agallaimh maidir leis an *Tuarascáil ar Alt 117 den Acht Comharbais 1965: Gnéithe den Soláthar do Leanaí* (LRC 118-2017)

Meitheamh

- Freastal ar Chomhdháil Bhliantúil d'Fhóram Eorpach na nIrisí Oifigiúla, Málta, 1-3 Meitheamh
- Freastal ar chruinniú bliantúil de choimisiúin dlí Shasana agus na Breataine Bige, na hÉireann, Gheirsí agus na hAlban, Dún Éideann, 29-30 Meitheamh

Lúnasa

- Foilsíú de *Pháipéar Saincheisteanna maidir le Pianbhreitheanna ar Fionraí* (LRC IP 12-2017), 8 Nollaig
- Coimisinéir O'Malley, agallaimh i leith *Páipéar Saincheisteanna maidir le Pianbhreitheanna ar Fionraí* (LRC IP 12-2017)
- Cuairt ar Sheirbhísí Reachtaíochta, Cartlanna Náisiúnta na Ríochta Aontaithe, 23 Lúnasa

Deireadh Fómhair

- Cruinniú comhairliúcháin ar an 5^ú Clár Comhairliúcháin ar Athchóiriú an Dlí, Ollscoil Luimnigh,
- Bhuail an Coimisiún leis an gComhchoiste Oireachtais um Leanaí agus Gnóthaí Óige, mar chuid de phlé an Choiste maidir le cumarsáid ar líne, agus chun forbheathnú ar *Thuarascáil an Choimisiúin um Chumarsáid Díobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach* (LRC 116-2016) a thabhairt, 18 Deireadh Fómhair

Samhain

- Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin, Caisleán Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear cruinniú comhairliúcháin ar an 5^ú Clár um Athchóiriú an Dlí, 1 Samhain
- Cuairt de Chumann Dlí na Síne ar an gCoimisiún, 9 Samhain
- Cruinniú comhairliúcháin ar an 5^ú Clár Comhairliúcháin ar Athchóiriú an Dlí, Ollscoil na Gaillimhe, 22 Samhain

Nollaig

- Foilsíú de *Pháipéar Saincheisteanna maidir le Fáil Éigeantach Talún* (LRC IP 13-2017), 14 Nollaig

APPENDIX 3
Reports and Financial Statements of Law Reform Commission 2017

Law Reform Commission

Reports & Financial Statements

for the financial period ended 31 December 2017

Law Reform Commission

Contents

	Page
Law Reform Commission Information	(i)
Report of The Comptroller and Auditor General	1-2
Governance Statement	3-7
Statement On Internal Control	8-9
Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves	10
Statement of Comprehensive Income	11
Statement of Financial Position	12
Statement of Cash Flows	13
Notes to the Financial Statements	14 - 26

Law Reform Commission

Information

President	The Hon Mr Justice John Quirke
Commissioners	Ray Byrne - Full time Commissioner Tom O'Malley - Part time Commissioner Donncha O'Connell - Part time Commissioner Carmel Stewart - Part time Commissioner
Registered office	The Law Reform Commission 5th Floor Styne House Upper Hatch Street Dublin Dublin 2
Auditor	Comptroller & Auditor General 3a Mayor Street Upper Dublin Dublin 1
Bankers	Allied Irish Bank 1-4 Lower Baggot Street Dublin Dublin 2



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Law Reform Commission

Opinion on financial statements

I have audited the financial statements of the Law Reform Commission for the year ending 31 December 2017 as required under the provisions of section 9 of the Law Reform Commission Act 1975]. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Law Reform Commission at 31 December 2017 and of its income and expenditure for 2017 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Law Reform Commission and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on Information other than the financial statements, and on other matters

The Law Reform Commission has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Commission members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Patricia Sheehan

Patricia Sheehan
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

19 December 2018

Appendix to the report

Responsibilities of Board members

The governance statement and Commission members' report sets out the Board members' responsibilities. The Board members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 9 of the Law Reform Commission Act 1975 to audit the financial statements of the Law Reform Commission and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast

significant doubt on the Law Reform Commission's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Law Reform Commission to cease to continue as a going concern.

- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

